AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 408 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór agus chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh

IARSCRÍBHINN

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA ATÁ ÁBHARTHA DON DÁ CHOMHAONTÚ

1. Ba cheart cur chun feidhme na gcomhaontuithe atá beartaithe a bheith faoi réir sásraí rialachais chomhpháirtigh. Ba cheart róil leordhóthanacha a bheith ag na sásraí sin sna nósanna imeachta lena n-áiritheofar ionchorprú reachtaíocht athraitheach an Aontais, trí ailíniú dinimiciúil, i ndlíchóras na Ríochta Aontaithe. Áiritheoidh an Coimisiún go n-áireofar forálacha maidir le foirceannadh aontaobhach na gcomhaontuithe.

Prionsabail ghinearálta

2. Ba cheart é a bheith de chuspóir ag na forálacha institiúideacha coiteanna a áirithiú gurb ionann na rialacha is infheidhme maidir leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe sna réimsí a chumhdaítear leis na comhaontuithe, i gcás inarb ábhartha, agus na rialacha a bhfuil feidhm acu i margadh inmheánach an Aontais, i gcónaí, agus nach féidir difríocht a bheith idir a léirmhíniú agus a gcur i bhfeidhm.

3. Agus an cuspóir sin á chur san áireamh, ba cheart na forálacha institiúideacha a bheith ag teacht leis na prionsabail is gá seo a leanas agus ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh:

Ailíniú dinimiciúil

4. Ba cheart a áirithiú leis na forálacha institiúideacha coiteanna go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe corpas iomlán *acquis* an Aontais atá ábhartha chun críocha gach comhaontaithe a chur i bhfeidhm i gcónaí ar bhonn dinimiciúil. Ba cheart an corpas sin de *acquis* an Aontais a liostú sna comhaontuithe mar a bhí ann tráth an tsínithe. Ba cheart gníomhartha dlí ábhartha an Aontais ina dhiaidh sin a ionchorprú sa chomhaontú faoi seach trí bhíthin sásraí iomchuí. Ba cheart do chomhchoiste gníomhartha ábhartha nua de dhlí an Aontais a ionchorprú sa chomhaontú faoi seach a luaithe is féidir tar éis a nglactha agus, más féidir, laistigh de sprioc-am ar leith agus ba cheart é a bheith ina oibleagáid ar na Páirtithe. Mura gcomhlíontar an sprioc-am, ba cheart do na Páirtithe a bheith in ann an cás a chur faoi bhráid réiteach díospóidí.

5. I gcás an dá chomhaontú, ba cheart go n-áiritheofaí le prionsabal an ailínithe dhinimiciúil go gcuirfear rialacha comhionanna laistigh de raon feidhme an chomhaontaithe i bhfeidhm go comhuaineach. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta maidir le forálacha áirithe de dhlí an Aontais, lena n-áirítear bearta éigeandála agus na forálacha sin is infheidhme maidir le teacht isteach ainmhithe, plandaí agus earraí ón gcuid eile den domhan, go mbeidh na forálacha sin infheidhme láithreach maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór.

6. Leis an gcomhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta, ba cheart na féidearthachtaí céanna a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe chun gníomhaíocht spriocdhírithe a dhéanamh chun a bithshlándáil agus a sláinte phoiblí a chosaint agus a chuirtear ar fáil do na Ballstáit faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, féadfar liosta gearr d'eisceachtaí teoranta ar phrionsabail an ailínithe dhinimiciúil agus an chur i bhfeidhm chomhuainigh a áireamh sa chomhaontú. Níor cheart

eisceacht a chomhaontú ach amháin sna cásanna seo a leanas: (i) nach mbeidh cur i bhfeidhm caighdeán níos ísle sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór mar thoradh air i gcomparáid leis na caighdeáin a leagtar síos i rialacha ábhartha an Aontais; (ii) ní fhéadfar é a agairt chun srian ná difear a dhéanamh ar aon bhealach diúltach eile do theacht isteach ainmhithe, plandaí agus earraí de thionscnamh an Aontais i gcríoch na Ríochta Aontaithe, ar ainmhithe, plandaí agus earraí iad a chomhlíonann dlí an Aontais; (iii) urramaítear leis an prionsabal nach féidir ach le hainmhithe, plandaí agus earraí a chomhlíonann dlí an Aontais teacht isteach san Aontas.

Múnlú cinntí

7. Níor cheart do cheachtar den dá chomhaontú an ceart a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht an Aontais. Mar sin féin, ba cheart don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach ag céim luath sa phróiseas agus rannchuidiú go hiomchuí ina cáil mar thír nach ball den Aontas Eorpach í, le próiseas múnlaithe cinnteoireachta ghníomhartha dlí an Aontais Eorpaigh sna réimsí a chumhdaítear leis an oibleagáid ailíniú dinimiciúil a dhéanamh agus cur i bhfeidhm go comhuaineach. Ba cheart don Choimisiún Eorpach dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe go luath sa phróiseas ceaptha beartas. Ní chuimseofaí leis na cearta sin rannpháirtíocht in obair na Comhairle ná in obair a comhlachtaí ullmhúcháin.

Léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach *acquis* an Aontais

8. Ba cheart oibleagáid a leagan síos leis na forálacha institiúideacha dlí an Aontais a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm sa chaidreamh idir na Páirtithe ar an mbealach céanna a léirmhínítear agus a chuirtear i bhfeidhm é laistigh den Aontas. Ceanglaítear leis sin go ndéanfar gníomhartha an Aontais dá dtagraítear sna comhaontuithe agus, a mhéid a bhaineann a gcur i bhfeidhm le coincheapa de dhlí an Aontais, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sula síneofar an comhaontú comhfhreagrach agus ina dhiaidh sin.

Réiteach Díospóidí

9. Ba cheart a áirithiú leis na forálacha institiúideacha gur féidir leis na Páirtithe díospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe a chur faoi bhráid sásra um réiteach díospóidí bunaithe ar an sásra arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair lena réiteach mura féidir teacht ar réiteach cairdiúil laistigh de chomhchoiste. Ba cheart go gcosnófaí leis an sásra um réiteach díospóidí inniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dlí an Aontais a léirmhíniú. Chuige sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an mbinse eadrána gach ceist dlí an Aontais (lena n-áirítear coincheap nó foráil de dhlí an Aontais) a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ionas gur féidir leis rialú a thabhairt ar cheart a bheith ina cheangal ar an mbinse eadrána.

Bearta iomchuí chun leasanna an Aontais agus idirnascadh idir comhaontuithe a chosaint

10. Ba cheart go ráthódh córas éifeachtach de bhearta iomchuí sláine an mhargaidh inmheánaigh i gcás neamhchomhlíonadh rialú an bhinse eadrána. Go háirithe, ba cheart a áireamh sa nós imeachta atá le leanúint i gcás neamhchomhlíonadh chinneadh an bhinse eadrána an fhéidearthacht bearta iomchuí a dhéanamh chun

leasanna an Aontais a chosaint, lena n-áirítear sa chomhaontú lena mbaineann nó i gcomhaontú eile atá i bhfeidhm idir na páirtithe.

Comhsheasmhacht leis an gComhaontú Trádála agus Comhair

11. Gan dochar do mhíreanna 1 go 10, ba cheart do a chur leis an gcreat institiúideach a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe a mhéid a bhaineann le ról na Comhairle Comhpháirtíochta.

12. Ba cheart forálacha a áireamh sna comhaontuithe chun a áirithiú go mbeidh tras-fhrithbheartú idir na comhaontuithe nua agus na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair fós indéanta mar a bheartaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair.

13. Ba cheart a áirithiú leis na comhaontuithe go mbeidh feidhm ag an gclásal maidir le Bearta Coimirce den Chomhaontú Trádála agus Comhair (Airteagal 773 den Chomhaontú Trádála agus Comhair).

14. Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a mhéid a bhaineann le heilimintí fíor-riachtanacha (Airteagail 771 agus 772 den Chomhaontú Trádála agus Comhair) maidir leis na comhaontuithe nua.

15. Forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair atá ar neamhréir leis na comhaontuithe nua, ba cheart iad a dhífheidhmiú.

COMHAONTÚ MAIDIR LE LIMISTÉAR COITEANN SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

Raon feidhme críochach

16. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcomhaontú, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag na Conarthaí agus sna críocha sin agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann agus, a mhéid a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór[1].

Raon feidhme ábhartha

17. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcomhaontú rialacha sláintíochta, fíteashláintíochta, sábháilteachta bia agus cosanta tomhaltóirí ginearálta is infheidhme maidir le táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas táirgí agraibhia, rialacháin ainmhithe beo agus lotnaidicídí, na rialacha maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, chomh maith le caighdeáin mhargaíochta is infheidhme maidir le hearnálacha nó táirgí áirithe. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin uile ina n-iomláine, lena n-áirítear forfheidhmiú ceanglas dlíthiúil agus na rialacha maidir le deimhniú agus rialuithe oifigiúla.

Rialuithe agus seiceálacha

18. Mar chuid de phrionsabal an ailínithe dhinimiciúil a thuairiscítear thuas, ba cheart a áirithiú leis an gcomhaontú go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an

[1] Le Creat Windsor, déantar dlí an Aontais i réimse na sláintíochta agus na fíteashláintíochta infheidhme go huathoibríoch maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Tá an trádáil idir an tAontas agus Tuaisceart Éireann, chomh maith leis na gluaiseachtaí idir an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann, á rialú ag Creat Windsor.

mBreatain Mhór ailíniú dinimiciúil leis na rialacha ábhartha, lena n-áirítear maidir le rialuithe agus seiceálacha a bhfuil feidhm acu maidir le trádáil laistigh den Aontas.

19. Mar thoradh air sin, d'áiritheofaí leis an gcomhaontú freisin gurb ionann na rialacha is infheidhme maidir le teacht isteach ainmhithe, plandaí agus earraí sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór ón gcuid eile den domhan d'ainmhithe, plandaí agus earraí atá faoi réir na rialacha a mbeadh an Ríocht Aontaithe ailínithe go dinimiciúil leo i gcomhthéacs an chomhaontaithe, agus na rialacha dá bhforáiltear le dlí ábhartha an Aontais maidir le teacht isteach ainmhithe, plandaí agus earraí san Aontas ón gcuid eile den domhan.

Gnéithe eile

20. Ba cheart an comhaontú a bheith gan dochar don mhéid seo a leanas:

– na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir le trádáil in earraí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;

– rialacha custaim an Aontais.

21. Neamhspleách ar an gcaoi a dtugtar faoin caibidlíocht agus ar thoradh na caibidlíochta, leanann Creat Windsor d'fhoráil a dhéanamh maidir le rialacha an Aontais a mhéid a bhaineann le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta agus rialacha ábhartha eile de chuid an Aontais a mbeidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

COMHAONTÚ CHUN CÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ NA RÍOCHTA AONTAITHE AGUS CÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ AN AONTAIS A nascadh

Raon feidhme críochach agus ábhartha

22. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcomhaontú chun córas trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus córas trádála astaíochtaí ceaptha teasa an Aontais a nascadh, i gcás an Aontais, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag na Conarthaí agus faoi na coinníollacha a leagtar síos iontu agus, i gcás na Ríochta Aontaithe, maidir leis an mBreatain Mhór. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcomhaontú freisin maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, seachas a mhéid a bhaineann le margaí mórdhíola leictreachais, cás ina leanfaidh na socruithe in Airteagal 9 de Chreat Windsor agus in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart a áirithiú leis an gcomhaontú go gcuirfidh an Ríocht Aontaithe an raon feidhme críochach céanna i bhfeidhm maidir le trádáil astaíochtaí agus a chuireann an tAontas i bhfeidhm le haghaidh eitlíochta agus muiriompair.

23. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcomhaontú gach gné de nasc idir córais trádála astaíochtaí amhail na córais sin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus an reachtaíocht a dhíorthaítear as.

24. Go háirithe, ba cheart na hearnálacha a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe a shainiú go soiléir. I measc earnálacha eile, ba cheart a áireamh sa raon feidhme na hearnálacha a bhaineann le giniúint leictreachais, giniúint teasa thionsclaíoch (gan téamh aonair tithe a áireamh), tionscal, muiriompair intíre agus idirnáisiúnta agus eitlíocht intíre agus idirnáisiúnta. Laistigh den raon feidhme sin, ba cheart don

chomhaontú ailíniú dinimiciúil na Ríochta Aontaithe le rialacha ábhartha an Aontais Eorpaigh a áirithiú chun rioscaí sceite carbóin agus saofa iomaíochta a sheachaint. Ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le nós imeachta chun liosta de na hearnálacha atá le cumhdach leis an gcomhaontú nasctha a leathnú a thuilleadh.

25. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcomhaontú ailíniú dinimiciúil na Ríochta Aontaithe le forálacha chreat rialála agus maoirseachta airgeadais an Aontais is infheidhme maidir le trádáil lamháltas CTA AE agus díorthaigh díobh.

Uaillmhian

26. Ba cheart a cheangal leis an gcomhaontú go mbeadh caidhp agus conair laghdaithe na Ríochta Aontaithe ar a laghad chomh huaillmhianach céanna leis an gcaidhp agus an chonair laghdaithe a leanann an tAontas.

27. Níor cheart don chomhaontú srian a chur ar an Aontas ná ar an Ríocht Aontaithe uaillmhian chomhshaoil níos airde a shaothrú, i gcomhréir lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

Liúntais a aithint

28. Ba cheart go n-áireofaí sa chomhaontú oibleagáid lamháltais astaíochtaí a aithint faoi chóras trádála astaíochtaí páirtí amháin faoi chóras trádála astaíochtaí an pháirtí eile.

Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha

29. Leis an gcomhaontú, ba cheart na coinníollacha a chruthú d'earraí de thionscnamh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe chun tairbhiú de dhíolúintí frithpháirteacha ó Shásraí Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe faoi seach, faoi réir chomhlíonadh fhorálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais agus na Ríochta Aontaithe faoi seach.

Gnéithe eile

30. Ba cheart a áirithiú leis an gcomhaontú go ndéanfar lamháltais agus díorthaigh díobh a thrádáil ar bhunmhargaí agus ar mhargaí tánaisteacha i gcomhréir leis na rialacha céanna leis na rialacha a bhfuil feidhm acu laistigh den Aontas, lena n-áirítear rialacha ábhartha na hearnála airgeadais.

31. Leis an gcomhaontú, ba cheart sláine na margaí lamháltas astaíochtaí san Aontas a choimirciú.

32. Ba cheart go n-áireofaí sa chomhaontú forálacha iomchuí a bhaineann le caibidlíocht tosaigh an Aontais d'fhonn córas trádála astaíochtaí an Aontais a nascadh le córais trádála astaíochtaí tríú tíortha eile.

33. Ba cheart forálacha idirthréimhseacha iomchuí a bheith sa chomhaontú maidir le lamháltais atá i gcúrsaíocht i gcás ina bhfoirceanntar an comhaontú.

RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS

34. Ba cheart don Ríocht Aontaithe costais iomchuí a sheasamh maidir le rannpháirtíocht sa limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe chun córas trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus córas trádála astaíochtaí ceaptha teasa an Aontais a nascadh.

35. Ba cheart don Ríocht Aontaithe ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh chun tacú leis na costais ábhartha a bhaineann le hobair an Aontais sna réimsí beartais sin. Áirítear leis sin ranníocaíocht airgeadais le, *inter alia*, feidhmiú ghníomhaireachtaí, chórais

agus bhunachair sonraí ábhartha an Aontais a bhfaigheadh an Ríocht Aontaithe rochtain iomchuí orthu.

SOCRUITHE NÓS IMEACHTA MAIDIR LE SEOLADH NA CAIBIDLÍOCHTA

36. Ba cheart don Choimisiún an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um an Ríocht Aontaithe, a bheidh ina coiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

37. Ba cheart don Choimisiún, go tráthúil, dul i gcomhairle leis an gcoiste speisialta agus tuairisciú dó. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá agus na doiciméid uile is gá a bhaineann leis an gcaibidlíocht a sholáthar go tráthúil.

38. Coimeádfaidh an Coimisiún, go tráthúil, Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas i dtaobh na caibidlíochta.